

An Bhruiséil, 25 Aibreán 2025
(OR. en)

8010/25
PV CONS 19
RELEX 448
PARLNAT

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ
COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)
14 Aibreán 2025

1. Glacadh an chláir oibre

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 7616/25.

2. Formheas na míreanna 'A'

(a) Liosta neamhreachtach

7922/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tiolacadh lena nglacadh.

(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

7923/25

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

1. Cinneadh maidir le cúnamh macairgeadais a chur ar fáil don Iordáin
Glacadh an ghnímh reachtaigh
a d'fhorghas Coreper, Cuid 2, an 9.4.2025



7257/25
PE-CONS 2/25
ECOFIN

D'fhorghas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Bunús dlí: Airteagal 212(2) CFAE).

Gnóthaí Eachtracha

2. Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/196 maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh na Stát Aontaithe
Glacadh an ghnímh reachtaigh
Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótocal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas
a d'fhorghas Coreper, Cuid 2, an 9.4.2025



7347/25
PE-CONS 3/25
POLCOM

D'fhorghas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE).

Mhaolaigh an Chomhairle, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fomhír den Airteagal sin, i bhfianaise phráinn an ábhair mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

Gnóthaí Ginearálta

3. Treoir lena leasaítear Treoracha (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann leis na dátaí óna bhfuil na Ballstáit le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach a chur i bhfeidhm
Glacadh an ghnímh reachtaigh
Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótocal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 9.4.2025



7779/25
PE-CONS 6/25
SIMPL

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 50 agus 114 CFAE).

Mhaolaigh an Chomhairle, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fomhír den Airteagal sin, i bhfianaise phráinn an ábhair mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

4. Treoir maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC9)
Glacadh an ghnímh reachtaigh
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 9.4.2025



7598/25
6963/25
ECOFIN

Ghlac an Chomhairle an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 289(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 113 agus 115 CFAE).

Gníomhaíochtaí neamhreachtach

3. Cúrsaí reatha
4. Fogha na Rúise faoin Úcráin¹
Seisiún tuairimíochta
5. An staid sa Mheánoirthear, an tSiria san áireamh
Seisiún tuairimíochta
6. An caidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Afraic: tosaíochtaí láithreacha agus ionchas straitéiseach
Seisiún tuairimíochta

¹ I láthair Aire Gnóthaí Eachtracha na hÚcráine (trí fhíschomhdháil)

7. Na Balcáin Thiar
Seisiún tuairimíochta
8. Aon ghnó eile

-
- ❶** An chéad léamh
 - S** Nós imeachta reachtach speisialta
 - C** Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún
-